Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Samhain 2024
(OR. en)

16283/24

LIMITE

JUSTCIV 211
ECOFIN 1445
COMPET 1168
JAI 1767
CODEC 2238

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0408(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15896/22 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3 + ADD 4 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú<br>- Cur chuige ginearálta páirteach |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 7 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa le haghaidh Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú[1]. Tá an togra le haghaidh Treorach ar cheann de na tionscnaimh a áirítear i bplean gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil 2020. Is é is aidhm di infheistíocht trasteorann laistigh sa mhargadh aonair a spreagadh trí chomhchuibhiú spriocdhírithe a dhéanamh ar imeachtaí dócmhainneachta.

2. Tá an dréacht-treoir bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

[1] 15896/22.

3. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh maidir leis an Treoir atá beartaithe an 6 Feabhra 2023[2].

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an Treoir atá beartaithe an 24 Márta 2023[3].

5. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh Emil Radev (PPE, an Bhulgáir) ina rapóirtéir.

6. Is príomhghné é an togra seo d'iarrachtaí níos leithne an Aontais Aontas na Margaí Caipitil a neartú. Sa ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro an 22 Márta 2024, cuireadh i bhfios go láidir gur gá 'an obair reachtach atá fós le déanamh maidir le plean gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil 2020 a thabhairt chun críche go pras'. Ina theannta sin, i mí Aibreáin 2024, chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a phráinní atá sé dul chun cinn a dhéanamh ar an obair reachtach ar na bearta sainaitheanta uile is gá chun margaí caipitil Eorpacha comhtháite a bhunú.

7. Chun aghaidh a thabhairt ar na hiarrataí sin, an 22 Bealtaine 2024 d'eagraigh Uachtaránacht na Beilge díospóireacht bheartais in Coreper darb aidhm bealaí a aimsiú chun an dul chun cinn ar an leibhéal teicniúil a ailíniú leis na huaillmhianta ar an leibhéal polaitiúil is airde. Cé go raibh tacaíocht leathan ann chun dlús a chur leis an obair ar an togra dócmhainneachta, leag na Ballstáit béim ar a thábhachtaí atá sé cáilíocht an togra a chothabháil. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an méadú a tháinig ar líon na gcruinnithe ina díríodh ar an Treoir agus chuir siad i bhfios go láidir gur cheart anailís agus plé críochnúil a dhéanamh uirthi ionas go dtabharfar aghaidh mar is ceart ar riachtanais Aontas na Margaí Caipitil le toradh na caibidlíochta. Thug Uachtaránacht na Beilge an t-eolas is déanaí faoin dul chun cinn atá déanta aici ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí an Mheithimh 2024.

[2] 6147/23.
[3] 7856/23.



PUBLIC

## II. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

8. Sa Chomhairle, tá an scrúdú ar an togra á dhéanamh ag an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Dócmhainneacht) (dá ngairtear 'an Mheitheal um Dhócmhainneacht' anseo feasta).

9. Cuireadh tús leis an gcéad scrúdú ar an togra an 7 Márta 2023 agus rinneadh é thar 12 chruinniú as a chéile den Mheitheal um Dhócmhainneacht le linn Uachtaránacht na Sualainne, Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge. Le linn Uachtaránacht na Beilge, tíolacadh an chéad togra comhréitigh maidir le teidil áirithe den togra – teidil I go V agus VII.

10. I gcomhréir leis an ardtosaíocht pholaitiúil a leagadh síos don Treoir atá beartaithe, chinn Uachtaránacht na hUngáire a hiarrachtaí a dhíriú ar shraith príomhtheideal chun dul chun cinn níos inbhraite a bhaint amach agus chun teacht ar chomhaontú maidir le cuid den togra faoi dheireadh a seimeastair.

11. Áirítear sa téacs comhréitigh teidil II, III, V, VIII mar aon le forálacha gaolmhara i dTeideal I. Dá bhrí sin, eisiatar teidil IV, VI, VII agus IX mar aon leis na forálacha i dTeideal I a bhaineann leis na teidil sin ón gcur chuige ginearálta páirteach. Thairis sin, ní áirítear aon tagairt do na teidil sin sa chur chuige ginearálta páirteach. Is féidir na forálacha a chumhdaítear leis an gcur chuige ginearálta páirteach a oiriúnú níos déanaí má mheastar gur gá sin i bhfianaise na caibidlíochta maidir le teidil IV, VI, VII agus IX.

12. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránacht na Beilge, thíolaic Uachtaránacht na hUngáire roinnt tograí comhréitigh maidir leis na teidil thuasluaite ag cúig chruinniú den Mheitheal agus ag dhá chruinniú de Chomhairleoirí na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile.

13. Le gach athdhréachtú, d'fhéach Uachtaránacht na hUngáire leis an téacs a chuíchóiriú, na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit a shoiléiriú, agus a áirithiú go léiríonn an togra sainiúlachtaí na ndlíthe dócmhainneachta náisiúnta agus dlíthe náisiúnta eile a bhaineann leis an Treoir ar bhealach níos fearr. D'fhéach an Uachtaránacht freisin le cineál comhchuibhithe íosta na Treorach a shoiléiriú, chomh maith lena himpleachtaí do na Ballstáit ó thaobh na féidearthachta dóibh bearta a ghlacadh a théann níos faide ná an chosaint dá bhforáiltear leis an Treoir.

14. Leagtar príomheilimintí an comhréitigh amach anseo:

a) Teideal I (Forálacha ginearálta):

– Ní áirítear sa togra comhréitigh ach na forálacha i dTeideal I a bhaineann le Teidil II, III, V agus VIII. Dá bhrí sin, ní shainítear raon feidhme na Treorach ach amháin i ndáil leis na teidil sin.

– Rinneadh na sainmhínithe in Airteagal 2(1), go háirithe na sainmhínithe ar 'gníomh dlí' agus 'páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí' a mhionchoigeartú agus a shoiléiriú a thuilleadh sna haithrisí; ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 2(2) go bhfágtar na coincheapa 'dócmhainneacht' agus 'stiúrthóirí' faoin dlí náisiúnta.

– Is cuid den chur chuige ginearálta páirteach é Airteagal 1a maidir le bearta éigeandála; mar sin féin, tá an áit a gcuirfear é agus a fhoclaíocht bheacht fós le plé ag céim níos déanaí.

– Soiléirítear in Airteagal 3a an chaoi a n-aistrítear cineál comhchuibhithe íosta na Treorach isteach sna forálacha éagsúla sa Treoir: i gcás Theideal II agus Theideal V, ciallaíonn sé gur féidir leis na Ballstáit bearta a thabhairt isteach lena dtugtar cosaint fheabhsaithe do chreidiúnaithe, agus i gcás Theideal III ciallaíonn sé gur féidir leis na Ballstáit rochtain a éascú a thuilleadh do chleachtóirí dócmhainneachta ar an bhfaisnéis is gá chun sócmhainní a rianú.

PUBLIC

b) Teideal II (Gníomhaíochtaí seachanta):

– Ar an leibhéal teicniúil, agus le linn díospóireacht bheartais a tionóladh ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 20 Deireadh Fómhair 2023, d'iarr na Ballstáit go ginearálta go mbeadh níos mó solúbthachta ann maidir le comhchuibhiú na bhforálacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta.

– Dá thoradh sin, áirítear i dtéacs comhréitigh Theideal II go leor athruithe teicniúla agus teangeolaíocha arb é is aidhm dóibh soiléireacht na bhforálacha a fheabhsú agus sonraí neamhriachtanacha a bhaint.

c) Teideal III (Sócmhainní de chuid an eastáit dócmhainneachta a rianú):

– Bhain na príomhábhair imní a chuir na Ballstáit in iúl leis an bhfíoras nár cuireadh san áireamh i dtéacs Theideal III sainiúlachtaí na mBallstát ó thaobh ról na gcúirteanna agus na gcleachtóirí dócmhainneachta maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhfuil gá léi chun sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta a rianú agus maidir le cuardach a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin.

– Dá bhrí sin, leis an téacs comhréitigh, tugtar an tsolúbthacht do na Ballstáit cúirteanna nó údaráis riaracháin a ainmniú chun cláir náisiúnta cuntas bainc a rochtain agus a chuardach.

– Ina theannta sin, soiléirítear leis na haithrisí go bhfuil na Ballstáit in ann rochtain dhíreach a chur ar fáil do chleachtóirí dócmhainneachta ar an bhfaisnéis atá sna cláir agus sna bunachair sonraí náisiúnta atá ann cheana agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra.

– Bhain ábhair imní eile le cosaint sonraí a áirithiú do na sonraí atá le cuardach, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann. Cuirtear i bhfios go láidir sa téacs, i measc coimircí eile, gur cheart rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc trí Chóras Idirnasctha na gClár Cuntas Bainc (CICCB) a fheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, chomh maith le nósanna imeachta náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta.



PUBLIC

d) Teideal V (Dualgais stiúrthóirí):

– Bhí imní ar leith ar roinnt Ballstát, mar gheall ar shainiúlachtaí a ndlíthe dócmhainneachta náisiúnta, go bhféadfadh rabharta imeachtaí dócmhainneachta róluath a bheith mar thoradh ar dhualgas a thabhairt isteach do stiúrthóirí iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta.

– Dá bhrí sin, in Airteagal 36a den téacs comhréitigh, foráiltear d'fhoras le dualgas na stiúrthóirí a iarraidh go dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta a fhionraí i gcásanna ina ndéanann stiúrthóirí bearta atá ceaptha chun damáistí a sheachaint do chreidiúnaithe na cuideachta dócmhainneachta agus chun leibhéal cosanta a áirithiú do na creidiúnaithe i gcoitinne atá coibhéiseach leis an gcosaint a thugtar leis an dualgas iarraidh a thíolacadh ar dhócmhainneacht.

– Ina theannta sin, leis an téacs nua ceadaítear do stiúrthóirí a ndualgas a chomhlíonadh maidir le tionscnamh imeachtaí dócmhainneachta a iarraidh tríd an bpobal a chur ar an eolas faoi dhócmhainneacht na cuideachta trí fhógra a thabhairt i gclár poiblí.

e) Teideal VIII (Bearta lena bhfeabhsaítear trédhearcacht na ndlíthe náisiúnta dócmhainneachta):

– Rinne an Uachtaránacht an téacs a chuíchóiriú agus shoiléirigh sí na naisc leis na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

15. D'eisigh an Uachtaránacht togra comhréitigh críochnaitheach an 27 Samhain 2024 agus chuir sí faoi bhráid comhairliúchán neamhfhoirmiúil é. Tacaíonn formhór na dtoscaireachtaí leis an téacs a mhol an Uachtaránacht. Tá an Uachtaránacht den tuairim go bhfuil an téacs réidh le cur faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle chun teacht ar chur chuige ginearálta páirteach.

PUBLIC

## III. CONCLÚIDÍ

16. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a dhéanamh:

- a dhearbhú go bhfuiltear ar aon fhocal maidir le téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, agus
- a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an téacs sin.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

2022/0408 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

PUBLIC

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

4 IO C [...], [...], lch. [...]
5 IO C [...], [...], lch. [...]

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir na Treorach seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus fáil réidh le bacainní ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha, ar nós na saorghluaiseachta caipitil agus na saoirse bunaíochta, ar bacainní iad a eascraíonn as difríochtaí idir dlíthe agus nósanna imeachta náisiúnta i réimse na dócmhainneachta.

(2) Leis na difríochtaí móra sna dlíthe substainteacha dócmhainneachta a aithnítear le Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], cruthaítear bacainní ar an margadh inmheánach trí tharraingteacht infheistíochtaí trasteorann a laghdú, rud a imríonn tionchar ar ghluaiseacht trasteorann caipitil san Aontas agus chuig tríú tíortha agus uathu.

(3) Áirithítear le himeachtaí dócmhainneachta [...] **foirceannadh** nó athstruchtúrú ordúil cuideachtaí nó fiontraithe atá i gcruachás airgeadais agus eacnamaíoch. Tá na himeachtaí [...] **sin** ríthábhachtach in infheistíochtaí airgeadais, toisc go gcinntear leo luach aisghabhála deiridh na n-infheistíochtaí sin. Le héagsúlacht na rialacha sna Ballstáit, tá curtha leis an éiginnteacht dhlíthiúil agus leis an dothuarthacht a bhaineann le **toradh na** n-imeachtaí dócmhainneachta [...], rud a mhéadaigh na bacainní, go háirithe i gcás infheistíochtaí trasteorann **sa** mhargadh inmheánach. Bíonn iarmhairtí diúltacha ag éagsúlachtaí móra sa luach aisghabhála agus san am a theastaíonn chun imeachtaí dócmhainneachta a chur i gcrích ar fud an Aontais d'intuarthacht costas do chreidiúnaithe agus d'infheisteoirí i gcásanna trasteorann sa mhargadh inmheánach.

(4) Comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh i réimse na ndlíthe dócmhainneachta a shaothraítear leis an Treoir seo, tá an comhtháthú sin ina phríomhuirlis chun feidhmiú níos éifeachtúla na margaí caipitil san Aontas Eorpach a bhaint amach, lena n-áirítear rochtain níos fearr ar mhaoiniú corparáideach. Dá bhrí sin, is gá íoscheanglais a leagan amach i réimsí spriocdhírithe de na himeachtaí dócmhainneachta náisiúnta, íoscheanglais a bhfuil tionchar suntasach acu ar éifeachtúlacht agus ar fhad na n-imeachtaí sin, go háirithe ar imeachtaí dócmhainneachta trasteorann.

---

[6] Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).



PUBLIC

(5) Chun luach an eastáit dócmhainneachta a chosaint do chreidiúnaithe, ba cheart a áireamh i ndlíthe dócmhainneachta náisiúnta rialacha éifeachtacha [...] **maidir le gníomhaíochtaí seachanta** gníomhartha dlí, **lena n-áirítear idirbhearta dlí**, ar gníomhartha iad atá díobhálach do chreidiúnaithe agus a cuireadh i gcrích sular tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta [...]. **Is i gcomhthéacs na rialacha náisiúnta dócmhainneachta, go háirithe maidir le sainiú an eastáit dócmhainneachta agus na gcreidiúnaithe rannpháirteacha, a dhéanfar cinneadh an bhfuil gníomh dlí díobhálach do na creidiúnaithe i gcoitinne. Tá sin ábhartha go háirithe i gcás nach bhfuil cearta áirithe mar chuid den eastát dócmhainneachta faoin dlí náisiúnta ach ina mbaineann siad[...] le réimse pearsanta an fhéichiúnaí, mar shampla an ceart chun pósadh nó deireadh a chur le pósadh nó leanbh a uchtú. Níor cheart glacadh le hoidhreacht nó diúltú oidhreachta a bheith faoi réir na rialacha maidir le seachaint faoin Treoir seo. Ós rud é go leagtar síos rialacha íosta leis an Treoir seo, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann forálacha atá níos fabhraí do na creidiúnaithe i gcoitinne a choinneáil nó a ghlacadh. Go háirithe, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh do thréimhsí aisamhairc níos faide, síneadh a chur le liosta na ndaoine a mheastar gur páirtithe iad a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhféichiúnaí, nó raon na ngníomhartha dlí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir gníomhaíochtaí seachanta a leathnú. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh freisin do thoimhdí nó ceanglais lena maolaítear an dualgas cruthúnais i bhfabhar an pháirtí a mhaíonn go bhfuil an gníomh dlí in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe.**

PUBLIC

**(5a)** Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm leis na gníomhaíochtaí seachanta [...] na héifeachtaí díobhálacha atá ag **gníomh dlí** [...] ar an eastát **dócmhainneachta** [...] a aisiompú, is iomchuí [...] **a mheas gur** ar chur i gcrích an ghnímh dlí [...] **a dhéantar an** díobháil [...] **agus ní ar** fhorghníomhú na feidhmíochta. [...] **Ba cheart a mheas go bhfuil gníomh dlí curtha i gcrích nuair a fheidhmítear a chuid éifeachtaí dlíthiúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. I gcás, de bhun an dlí náisiúnta, inar coinníoll é le go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag gníomh dlí go ndéanfaí é a iontráil i gclár poiblí, ós rud é nach bhfuil smacht ag an bhféichiúnaí ná ag na páirtithe sa ghníomh dlí lena mbaineann ar thráth an chláraithe i gclár poiblí, tá sé inmholta a mheas go bhfuil an gníomh dlí curtha i gcrích a luaithe a chomhlíontar na ceanglais eile go léir dá éifeachtacht.** [...]

PUBLIC

(6) Ba cheart raon feidhme na […] ngníomhartha dlí a bhféadfaí agóid a dhéanamh ina gcoinne faoi na rialacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta […] **a léirmhíniú ar bhonn leathan**, chun aon iompraíocht[…] **a dhéantar d'aon ghnó agus** a bhfuil éifeachtaí dlí aici[…] a chumhdach, ar iompraíocht í **a dhéanann dochar do na creidiúnaithe i gcoitinne, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil na héifeachtaí dlí nó an dochar beartaithe ag an duine a dhéanann an iompraíocht, lena n-áirítear mura bhfuil aon chríoch chalaoiseach ann, d'ainneoin forálacha réimsí eile dlí. Ní mheastar gur gníomh dlí iad gníomhartha nuair nach ngníomhaíonn an duine a dhéanann an iompraíocht go comhfhiosach, d'aon ghnó, nó ar bhealach ar bith eile i gcomhréir lena shaorthoil. […] Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a fhoráil go bhféadfar** […] neamhghníomhartha a áireamh i ngníomhartha dlí freisin, ós rud é […] nach ndéanann sé difear suntasach […] **más rud é** go ndéantar dochar do chreidiúnaithe mar thoradh ar ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht an pháirtí lena mbaineann. […] **Ar an gcuma chéanna**, níor cheart rialacha maidir le seachaint a theorannú do ghníomhartha dlí a dhéanann an féichiúnaí, ach ba cheart gníomhartha dlí a dhéanann contrapháirtí **an fhéichiúnaí** nó an tríú páirtí a áireamh iontu freisin. [...]

(7) Chun ionchais dhlisteanacha chontrapháirtí an fhéichiúnaí a chosaint, ba cheart aon chur isteach ar bhailíocht nó ar in-fhorfheidhmitheacht gnímh dlí a bheith i gcomhréir leis na himthosca faoina ndéantar an gníomh sin a chur i gcrích. **D'fhéadfaí** [...] rún an fhéichiúnaí, eolas an chontrapháirtí nó an t-am [...] **a caitheadh** idir cur i gcrích an ghnímh dlí agus tús na n-imeachtaí dócmhainneachta a áireamh sna imthosca sin. Dá bhrí sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir na forais shonracha seachanta éagsúla atá bunaithe ar phatrúin choiteanna agus thipiciúla fíoras agus ar cheart dóibh na réamhriachtanais ghinearálta le haghaidh gníomhaíochtaí seachanta a chomhlánú. Le haon chur isteach a dhéanfaí, ba cheart na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú chomh maith.

**(7a) I gcás íocaíochtaí dlite arna ndéanamh ag an bhféichiúnaí, d'fhéadfadh imthosca sonracha a bheith ina n-údar lena neamhniú, lena n-in-neamhnitheacht nó lena neamh-infhorfheidhmitheacht, ar nós eolas speisialta an chreidiúnaí ar chás an fhéichiúnaí. Go ginearálta, ba cheart a chumhdach leis an ngníomhaíocht seachanta íostréimhse áirithe roimh an dáta a thíolactar an iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, nó sna Ballstáit sin inar féidir na himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh freisin le réiteach chomhaltaí an chreidiúnaí, roimh dháta an réitigh chun tús a chur le himeachtaí dócmhainneachta. Mar phrionsabal, níor cheart neamhniú, in-neamhnitheacht nó neamh-infhorfheidhmitheacht gnímh dlí a bheith ag brath ar an am is gá don chúirt scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a oscailt nórún a rith, de bhun an dlí náisiúnta.**

PUBLIC

(8) I gcomhthéacs gníomhaíochtaí seachanta, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir gníomhartha dlí ina raibh éileamh an chontrapháirtí dlite agus in-fhorfheidhmithe agus inar sásaíodh é **nó inar áirithíodh é** ar an mbealach dlite (**'**cumhdaigh iomchuí[…]') agus na gníomhartha sin nach raibh **an** fheidhmíocht i gcomhréir go hiomlán le héileamh an chreidiúnaí (**'**cumhdaigh mhíchuí**'**). **I gcomhthéacs cumhdaigh iomchuí agus mhíchuí, déanfar sásamh agus soláthar urrúis chomhthaobhaigh éileamh an chontrapháirtí a léirmhíniú ar bhonn leathan, lena n-áirítear freisin gníomhartha ar nós ceart a chruthú chun fritháirimh nó stádas pribhléideach a dheonú do chreidiúnaithe.** Áirítear ar **shamplaí de** [...] chumhdaigh mhíchuí, go sonrach, íocaíochtaí roimh am, sásamh trí mhodhanna íocaíochtaí neamhghnácha, urrús comhthaobhach a sholáthar ina dhiaidh sin maidir le héileamh nach bhfuil faoi urrús go fóill agus nach bhfuil comhaontaithe cheana féin sa chomhaontú fiachais bunaidh, ceart foirceanta urghnách nó leasuithe eile nach bhforáiltear dóibh sa bhunchonradh a dheonú, tarscaoileadh cosaintí dlíthiúla**,** [...] agóidí dlíthiúla nó aitheantas a thabhairt d'fhiachas díospóideach. I gcás cumhdaigh iomchuí, ní féidir foras seachanta na roghanna tosaíochta a agairt ach amháin má bhí a fhios ag creidiúnaí an ghnímh dlí [...] **atá ar neamhní, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe** [...] tráth an idirbhirt go raibh an féichiúnaí dócmhainneach.

(9) Cumhdaigh iomchuí áirithe, is é sin gníomhartha dlí a dhéantar go díreach in aghaidh comaoin chóir chun tairbhe [...] **sócmhainní an fhéichiúnaí**, ba cheart na cumhdaigh sin a dhíolmhú ó raon feidhme gníomhartha dlí [...] **atá ar neamhní, atá in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe**. Is é is aidhm do na gníomhartha dlí sin tacú le gnáthghníomhaíocht laethúil ghnólacht an fhéichiúnaí. Ba cheart bunús conarthach a bheith ag [...] **na** gníomhartha dlí **sin** [...], agus ba cheart a cheangal leo malartú díreach feidhmíochtaí frithpháirteacha[...]. Mar sin féin, níor cheart deonú creidmheasa a chumhdach leis an díolúine seo. Thairis sin, ba cheart feidhmíocht agus frithfheidhmíocht sna gníomhartha dlí sin [...] **a bheith** coibhéis**each**[...] ó thaobh luacha de. An tráth céanna, ba cheart an fhrithfheidhmíocht a bheith chun tairbhe [...] an **fhéichiúnaí** seachas chun tairbhe tríú páirtí. Ba cheart a chumhdach leis an **díolúine** [...] sin, go sonrach, íocaíocht phras tráchtearraí, pá, nó táillí seirbhíse[...]; íocaíocht le hairgead nó le cárta as na hearraí is gá le haghaidh ghníomhaíocht laethúil an fhéichiúnaí; seachadadh earraí, táirgí nó seirbhísí in aghaidh íocaíochta trína chur ar ais; ceart chun urrús a chruthú in aghaidh eisíocaíocht na hiasachta **nó le linn leanúint d'iasacht, más gá sin i gcomhthéacs rialacha náisiúnta chun coibhéis luacha idir feidhmíocht agus frithfheidhmíocht a choinneáil;** íocaíocht phras táillí poiblí in aghaidh comaoine [...], cead isteach ar láithreacha poiblí nó ar institiúidí poiblí, **mar shampla**[...]. **Féadfar a mheas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go ndearnadh pá a íoc go díreach le fostaithe an fhéichiúnaí má dhéantar é laistigh de 3 mhí ó na seirbhísí a bheith feidhmithe ag an bhfostaí a mbeidh luach saothair le fáil aige ina leith.**

PUBLIC

(10) **Maoiniú** nua nó maoiniú eatramhach a chuirtear ar fáil le linn iarracht athstruchtúraithe, **i gcomhréir leis na ceanglais faoin dlí náisiúnta**, lena n-áirítear le linn nós imeachta dócmhainneachta coisctheach faoi Theideal II de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], ba cheart an maoiniú sin a chosaint in imeachtaí dócmhainneachta ina dhiaidh sin. [...]

**(10a) Mar ionstraim comhchuibhithe íosta, ní chuireann an Treoir seo isteach ar na dlíthe náisiúnta maidir le bailíocht gníomhartha dlí atá faoi réir rialacha seachanta. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh an meastar go bhfuil an gníomh dlí díobhálach *ipso iure* ar neamhní, é a dhéanamh neamhéifeachtach nó neamh-infhorfheidhmithe, nó a cheangal ar an gcúirt an gníomh dlí sin a neamhniú.**

PUBLIC

[7] Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

(11) Is é an phríomhiarmhairt atá ag **neamhniú, in-neamhnitheacht nó neamh-infhorfheidhmitheacht** in imeachtaí seachanta an oibleagáid atá ar an bpáirtí a thairbhíonn den ghníomh dlí **atá** [...] ar neamhní**, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe na sochair a eascraíonn as an ngníomh dlí sin a thabhairt ar ais don [...]** eastát dócmhainneachta [...]. [...] Ba cheart díolaíochtaí, i gcás inarb ábhartha, agus ús a bheith san áireamh **leis sin**, i gcomhréir leis an dlí sibhialta [...] is infheidhme, **agus** [...] **d'fhéadfaí a mheas gur comhlíonadh í tríd an gcomaoin chomhchineáil a thabhairt ar ais nó trína coibhéis airgeadaíochta a íoc, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart é a bheith indéanta na gníomhaíochtaí seachanta a thionscnamh i gcoinne comharbaí aonair an fhéichiúnaí má fuair siad an tsócmhainn agus fios acu ag an am céanna faoi na himthosca ar a bhfuil na gníomhaíochtaí seachanta bunaithe.**

(12) De ghnáth bíonn buntáiste faisnéise maidir le staid airgeadais an fhéichiúnaí ag páirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhféichiúnaí, cuir i gcás gaolta i gcás inar duine nádúrtha é an féichiúnaí nó gníomhaithe a chomhlíonann róil chinntitheacha i ndáil le féichiúnaí ar eintiteas dlítheanach é. Chun iompraíochtaí mí-úsáideacha a chosc, ba cheart coimircí breise a bhunú. Dá réir sin, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí seachanta, ba cheart toimhdí dlíthiúla maidir leis an eolas faoi na himthosca ar a raibh na coinníollacha i ndáil le seachaint bunaithe a thabhairt isteach nuair is páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí é an dara páirtí a bhfuil baint aige leis an ngníomh dlí atá [...] ar neamhní, **in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe**. Ba [...] cheart a bheith in ann na toimhdí sin a fhrisnéis agus ba cheart é a bheith d'aidhm acu an dualgas cruthúnais a aisiompú chun tairbhe an eastáit dócmhainneachta.

PUBLIC

(13) Tá sé bunriachtanach feabhas a chur ar na [...] **modhanna atá ar fáil** do [...] chleachtóirí dócmhainneachta **chun** sócmhainní de chuid an eastáit dócmhainneachta, **chomh maith le sócmhainní atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta**, a shainaithint agus a rianú [...] chun luach an eastáit sin a **uasmhéadú**. Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, [...] **is féidir** [...] le cleachtóirí dócmhainneachta rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i gcláir sonraí poiblí, [...] **ar bunaíodh cuid acu faoi** [...] dhlí an Aontais agus **atá** idirnasctha ar an leibhéal Eorpach, mar shampla Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS) [...] **nó** córas Idirnasctha na gClár Dócmhainneachta (IRI) [...]. Is minic, áfach, **nach leor rochtain a bheith ach ar** fhaisnéis a choimeádtar i mbunachair sonraí phoiblí [...] **chun** sócmhainní atá mar chuid den eastát dócmhainneachta, nó ar cheart dóibh **a bheith mar chuid de**, a shainaithint agus a rianú [...]. Go háirithe, bíonn deacrachtaí praiticiúla ag cleachtóirí dócmhainneachta nuair a dhéanann siad iarracht rochtain a fháil ar chláir sócmhainní [...] **atá i mBallstáit seachas an Ballstát inar ceapadh iadsan.**

(14) Dá bhrí sin, is gá forálacha a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh rochtain dhíreach nó indíreach ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis a choimeádtar i mbunachair sonraí nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas in imeachtaí dócmhainneachta.

(15) [...] Is minic a bhíonn rochtain dhíreach **láithreach** ar [...] chlá**ir** cuntas bainc [...] **agus** [...] ar chórais leictreonacha aisghabhála sonraí fíor-riachtanach [...] chun luach an eastáit dócmhainneachta a **uasmhéadú** [...]. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos [...] **lena bhforáiltear** [...] go mbeadh rochtain dhíreach ag cúirteanna **nó údaráis** ainmnithe **[...] na mBallstát** ar fhaisnéis atá **sna** [...] clá**ir** cuntas bainc [...] **agus** sna córais **leictreonacha** aisghabhála sonraí [...]. **Chun sócmhainní de chuid an eastáit dócmhainneachta, chomh maith le sócmhainní atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta, a rianú agus a shainaithint, d'fhéadfadh sé gur ghá rochtain a thabhairt ní hamháin ar fhaisnéis faoi chuntas bainc an fhéichiúnaí ach ar fhaisnéis faoi chuntas bainc tríú páirtithe freisin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann lena mheas gur tairbhithe iad de ghníomhartha dlí atá ar neamhní, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe.** I gcás ina gcuireann Ballstát rochtain ar fáil ar fhaisnéis faoi chuntas bainc trí chóras lárnach leictreonach aisghabhála sonraí, ba cheart don Bhallstát sin a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás atá ag oibriú an chórais aisghabhála torthaí cuardaigh a thuairisciú do na cúirteanna **nó údaráis** ainmnithe ar bhealach láithreach agus neamhscagtha.

PUBLIC

(16) Chun an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachais a urramú, níor cheart rochtain dhíreach agus láithreach ar [...] **chláir** cuntas bainc a dheonú do [...] chúirteanna [...] **nó d'údaráis riaracháin** atá ainmnithe ag na Ballstáit chun na críche sin. Dá bhrí sin, níor cheart cead a thabhairt do chleachtóirí dócmhainneachta rochtain a fháil ar fhaisnéis a choimeádtar sna clá**ir** [...] cuntas bainc go hindíreach trína iarraidh ar na cúirteanna **nó na húdaráis** ainmnithe ina mBallstát féin rochtain a fháil ar **na cláir** agus na cuardaigh [...] **a dhéanamh**. **Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cúirteanna nó údaráis éagsúla a ainmniú chun rochtain a fháil ar chláir náisiúnta cuntas bainc nó ar chórais leictreonacha aisghabhála sonraí ar bhonn intíre nó trasteorann trí chóras idirnasctha na gclár cuntas bainc (CICCB). Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a fhoráil freisin gur cheart do chúirteanna nó d'údaráis seachas na cúirteanna nó na húdaráis ainmnithe faoin Treoir seo na coinníollacha maidir le rochtain agus cuardach i bhfaisnéis faoi chuntas bainc a fhíorú. Níor cheart rochtain ar fhaisnéis a dheonú ach amháin ar bhonn cás ar chás, i gcás inarb ábhartha d'imeachtaí dócmhainneachta sonracha chun sócmhainní de chuid an eastáit dócmhainneachta a shainaithint agus a rianú, chomh maith le sócmhainní atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta. Mar sin féin féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le cineál comhchuibhithe íosta na Treorach seo, rialacha náisiúnta a ghlacadh nó a choimeád lena bhforáiltear rochtain dhíreach do chleachtóirí dócmhainneachta agus cuardach a dhéanamh ina gcláir náisiúnta cuntas bainc agus ina gcórais leictreonacha aisghabhála sonraí, le húdarú breithiúnach nó gan údarú breithiúnach. I gcás [...] ina ndeonaítear an rochtain dhíreach agus an cuardach sin do [...] chleachtóirí dócmhainneachta, níor cheart do na Ballstáit cúirteanna ná údaráis a ainmniú chun críche rochtana agus cuardaigh ina gcláir náisiúnta cuntas bainc nó ina gcórais leictreonacha aisghabhála sonraí.**

PUBLIC

(17) Le Treoir (AE) [...] **2024/1640** [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] [...] foráiltear go bhfuil na sásraí uathoibrithe láraithe, **is é sin cláir lárnacha nó lárchórais leictreonacha aisghabhála sonraí,** idirnasctha trí [...] **CICCB** […], atá le forbairt agus le hoibriú ag an gCoimisiún. I bhfianaise thábhacht mhéadaitheach na gcásanna dócmhainneachta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu agus thábhacht na faisnéise ábhartha airgeadais chun luach an eastáit dócmhainneachta a uasmhéadú in imeachtaí dócmhainneachta, ba cheart [...] do na cúirteanna nó na [...] **húdaráis** ainmnithe [...] a bheith in ann na cláir [...] **cuntas bainc agus córais [...] leictreonacha aisghabhála sonraí** atá ag Ballstáit eile a rochtain agus a chuardach go **díreach** trí **CICCB** [...] . **Tá an rochtain a bhíonn ag cúirteanna nó údaráis arna n-ainmniú faoin Treoir seo ar fhaisnéis faoi chuntas bainc thar theorainneacha trí CICCB bunaithe ar an muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a dhíorthaítear óna n-urramú ar chearta bunúsacha agus ar na prionsabail a aithnítear le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), chomh maith leis na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha dá bhforáiltear sa dlí idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó na Ballstáit uile ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i mbunreachtanna na mBallstát, ina réimsí cur i bhfeidhm faoi seach. Ba cheart an chumhacht chun faisnéis faoi chuntas bainc a rochtain agus a chuardach trí CICCB sa Treoir seo a fheidhmiú i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, agus i gcomhréir le coimircí nós imeachta náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta.**

PUBLIC

[8] IO

(18) Maidir le haon sonraí pearsanta a fhaightear faoin Treoir seo, níor cheart [...] do na cúirteanna **nó na húdaráis** agus na cleachtóirí dócmhainneachta ainmnithe iad a phróiseáil i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí is infheidhme **ach amháin** nuair is gá sin agus nuair is comhréireach sin chun sócmhainní de chuid an eastáit dócmhainneachta [...] a shainaithint agus a rianú in imeachtaí dócmhainneachta atá idir lámha.

(19) Áirithítear le Treoir (AE) [...] **2024/1640 [...]**[9] go ndeonófar rochtain do [...] dhaoine **ag a bhfuil** leas dlisteanach ar fhaisnéis [...] faoi úinéireacht thairbhiúil i gcomhréir le rialacha maidir le cosaint sonraí. [...] **Chun sócmhainní a rianú** i gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta atá ag dul ar aghaidh faoi láthair **tabharfar rochtain go tráthúil do** chleachtóirí [...] dócmhainneachta **ar chatagóirí sonracha faisnéise faoi úinéireacht thairbhiúil a choimeádtar sna cláir lárnacha idirnasctha maidir le húinéireacht thairbhiúil.** [...]

PUBLIC

9 [...]

(20) Chun a áirithiú gur féidir [...] sócmhainní a rianú go **héifeachtúil** i gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta [...] trasteorann, ba cheart rochtain ghasta ar chláir agus **bunachair** sonraí [...] **náisiúnta** a thabhairt do chleachtóirí dócmhainneachta fiú má tá na [...] cláir sin lonnaithe **i [...] mBallstát nach é an Ballstát inar ceapadh an cleachtóir dócmhainneachta. Ba cheart rochtain a sholáthar gan aon chúirt ná údarás idirmheánach a bheith rannpháirteach, rud a chuirfeadh ar chumas cleachtóirí dócmhainneachta cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis na heintitis a oibríonn nó a choinníonn ar bun na cláir nó na bunachair sonraí náisiúnta lena mbaineann. I gcomhréir le cineál comhchuibhithe íosta na Treorach seo, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh ionas gur féidir le cleachtóirí dócmhainneachta na tacair sonraí atá sna cláir nó sna bunachair sonraí a chuardach.** [...] Níor cheart na coinníollacha rochtana a bhfuil feidhm acu maidir le cleachtóirí dócmhainneachta eachtracha a bheith níos liopasta ná na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le cleachtóirí dócmhainneachta intíre, agus dá bhrí sin **ní féidir leis na Ballstáit coinníollacha éagsúla a chur i bhfeidhm ar an mbonn gur cleachtóir dócmhainneachta eachtrach é an t-iarratasóir agus ar an mbonn sin amháin. Maidir le gnéithe nós imeachta a bhaineann le fáil agus lamháil na n-iarrataí arna gcur isteach ag cleachtóirí dócmhainneachta intíre nó eachtrannacha, mar shampla teanga an nós imeachta nó fíorú na gcoinníollacha rochtana, ba cheart iad a rialú le dlí an Bhallstáit ina gcoimeádtar na cláir agus na bunachair sonraí.**

**(20a) Ar mhaithe le córas éifeachtach agus comhsheasmhach a bhunú chun fiacha a fhorfheidhmiú in aghaidh sócmhainní féichiúnaithe, tá sé ríthábhachtach gan ligean d'fhéichiúnaithe a gcuid sócmhainní a cheilt, lena n-áirítear trí ionstraimí airgeadais a fháil, mar shampla urrúis. D'fhéadfadh deacrachtaí teacht as na difríochtaí idir córais náisiúnta socraíochta, chomh maith le cineálacha agus saintréithe éagsúla na n-ionstraimí airgeadais, maidir le rochtain a fháil ar thaifid agus maidir le húinéir tairbhiúil deiridh ionstraime airgeadais a shainaithint. Dá bhrí sin, gan beann ar an gcineál cláir atá ann cheana, bunachair sonraí nó foinse eile faisnéise a úsáideann Ballstát, ní mór do na Ballstáit an creat a bheith i bhfeidhm acu chun rianú agus sainaithint úinéirí ionstraimí airgeadais a éascú trí na cláir náisiúnta agus na bunachair sonraí sin a chur ar fáil arna iarraidh sin faoin Treoir seo.**

[…]



PUBLIC

(32) Déanann na stiúrthóirí maoirseacht ar bhainistiú gnóthaí [...] **cuideachta** agus bíonn an forléargas is fearr acu ar a staid airgeadais. Dá bhrí sin, bíonn na stiúrthóirí ar na chéad daoine a bhíonn ar an eolas faoi [...] **chuideachta** a bheith ag dul i dtreo na [...] dócmhainneachta **nó a bheith dócmhainneach**. Dá ndéanfadh na stiúrthóirí an comhdú i gcás dócmhainneachta go déanach d'fhéadfadh sé go bhfaigheadh creidiúnaithe luachanna aisghabhála níos ísle. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit oibleagáid a thabhairt isteach ar stiúrthóirí iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh laistigh de thréimhse [...] shonraithe ama. **I gcomhthéacs an dualgais sin, féadfaidh na Ballstáit dócmhainneacht a shainiú ar bhealach atá éagsúil leis an truicear chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. I gcás ina bhfuil níos mó ná tairseach dócmhainneachta amháin ag Ballstát, is faoin mBallstát sin atá sé a chinneadh cé acu tairseach lena ngníomhachtaítear an dualgas iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh.** [...] **Chun críocha na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit a fhoráil freisin faoi na daoine a bhfuil feidhm ag na dualgais a bhíonn ar stiúrthóirí maidir leo, agus éagsúlacht na bhfreagrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine nó comhlachtaí áirithe i ndáil le cinntí a bhaineann le bainistiú na cuideachta á gcur san áireamh.**

**(32a) Ba cheart do na Ballstáit sprioc-am a leagan síos don dualgas iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, ar sprioc-am é nach faide ná trí mhí ó fuair na stiúrthóirí amach, nó a mbeifí ag súil leis le réasún go bhfuair siad amach, go bhfuil an chuideachta dócmhainneach. Má athghnóthaíonn an chuideachta a sócmhainneacht roimh an sprioc-am sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a fhoráil go dtosóidh tréimhse nua má éiríonn an chuideachta dócmhainneach arís ina dhiaidh sin.**

PUBLIC

**(32c)** **Tá sé riachtanach, nuair a éiríonn cuideachta dócmhainneach, gur ar na stiúrthóirí a bheidh an phríomhfhreagracht maidir le cosaint na gcreidiúnaithe i gcoitinne. Ós rud é gur féidir an chosaint sin a thabhairt ar bhealaí éagsúla, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a fhoráil gur féidir an dualgas iarraidh a thíolacadh chun nós imeachta dócmhainneachta a thionscnamh tríd an bpobal a chur ar an eolas go bhfuil cuideachta dócmhainneach trí bhíthin fógra i gclár poiblí chun a áirithiú go mbeidh na creidiúnaithe in ann nós imeachta dócmhainneachta a iarraidh. Thairis sin, i gcás an dualgais a bhíonn ar na stiúrthóirí iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann an dualgas sin a fhionraí má dhéanann siad bearta d'fhonn leasa chreidiúnaithe i gcoitinne na cuideachta dócmhainní, ar choinníoll go n-áirithítear leis na bearta sin leibhéal cosanta do na creidiúnaithe i gcoitinne atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a sholáthraítear tríd an dualgas iarraidh a thíolacadh chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. Is féidir bearta tionscnaimh arna ndéanamh ag úinéirí na cuideachta chun dócmhainneacht a athghnóthú, mar shampla, a áireamh ar na bearta sin.**

(33) Chun a áirithiú nach ngníomhóidh stiúrthóirí **in aghaidh leas na gcreidiúnaithe** [...] trí mhoill a chur ar chur isteach iarrata ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, d'ainneoin comharthaí dócmhainneachta, ba cheart do na Ballstáit forálacha a leagan síos faoina mbeidh stiúrthóirí faoi dhliteanas sibhialta i leith sárú ar an dualgas an iarraidh sin a thíolacadh. Sa chás sin, ba cheart do na stiúrthóirí na creidiúnaithe a chúiteamh as [...] **aon** damáiste [...] a eascraíonn as an meath ar luach aisghabhála na [...] **cuideachta** i gcomparáid leis an gcás ina gcuirfí an iarraidh isteach in am. **Mura bhforáiltear do rialacha sonracha sa Treoir seo, ba cheart gach gné eile den dliteanas sibhialta, mar shampla damáistí a ríomh nó an dualgas cruthúnais, a rialú leis an dlí náisiúnta. Lena chois sin**, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann rialacha náisiúnta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le dliteanas sibhialta stiúrthóirí a bhaineann le hiarratas ar dhócmhainneacht a chomhdú, ar rialacha is déine iad ná na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo.

**(33a) I gcás ina gceadaíonn na Ballstáit do stiúrthóirí bearta a dhéanamh chun leasanna na gcreidiúnaithe i gcoitinne a chosaint, seachas an dualgas a chomhlíonadh maidir le hiarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, ba cheart dóibh forálacha a leagan síos freisin lena n-áiritheofar go mbeidh stiúrthóirí faoi dhliteanas i leith aon damáistí a dhéanfaí do na creidiúnaithe ar de thoradh meath ar luach aisghabhála na cuideachta iad i gcomparáid leis an gcás ina dtíolacfaí iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. Sa chás sin, ba cheart creidiúnaithe a chur sa suíomh ina mbeidís dá dtíolacfadh na stiúrthóirí iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh laistigh den sprioc-am arna leagan síos ag na Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a fhoráil go scaoilfí stiúrthóirí cuideachta ón dliteanas sin, más rud é agus a mhéid is féidir leis na stiúrthóirí sin a léiriú, ar bhonn imthosca oibiachtúla agus ar bhonn faisnéise atá infhionnta tráth déanta na mbeart faoi seach, gur chruthaigh na bearta a rinneadh ionchas réasúnach go seachnófaí [...] damáistí do chreidiúnaithe mar thoradh orthu agus go n-áiritheofaí, ar an gcaoi sin, leibhéal cosanta do na creidiúnaithe i gcoitinne a bheadh coibhéiseach leis an gcosaint dá bhforáiltear leis an dualgas iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta. Sna cásanna sin, ba cheart feidhm a bheith ag an dlí náisiúnta maidir le hurscaoileadh an dualgais cruthúnais.**

[…]

PUBLIC

(58) Chun trédhearcacht fheabhsaithe a áirithiú maidir leis na príomhghnéithe **de gach cineál** imeachta dócmhainneachta náisiúnta agus chun cuidiú le creidiúnaithe trasteorann go háirithe meastachán a dhéanamh ar an méid a tharlódh dá mbeadh baint ag a gcuid infheistíochtaí le himeachtaí dócmhainneachta, ba cheart rochtain éasca a thabhairt d'infheisteoirí agus d'infheisteoirí ionchasacha ar an bhfaisnéis sin i bhformáid réamhshainithe inchomparáide sholáimhsithe. Ba cheart do na Ballstáit bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis a ullmhú agus a chur ar fáil don phobal. Bheadh [...] an doiciméad **sin** [...] **tábhachtach** d'infheisteoirí ionchasacha chun measúnú 'tapa' a dhéanamh ar na rialacha maidir le himeachtaí dócmhainneachta i mBallstát ar leith. Ba cheart mínithe leordhóthanacha a bheith ann chun go mbeidh an léitheoir in ann an fhaisnéis atá ann a thuiscint gan dul i muinín aon doiciméad eile. Ba cheart a áireamh go sonrach sa bhileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis faisnéis phraiticiúil maidir **leis na coinníollacha lena ngníomhachtaítear imeachtaí dócmhainneachta** [...] agus maidir leis na céimeanna atá le tabhairt chun iarraidh a thíolacadh chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh nó chun éileamh a thaisceadh. **Ós rud é go bhfuil sé de cheangal cheana féin ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoina rialacha náisiúnta maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta faoi Rialachán (AE) 2015/848, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear faoin Treoir seo comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a sholáthraítear faoin Rialachán sin. Chuige sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Treoir seo a sholáthar tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála a bunaíodh le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle[10]**.

[…]

10 **Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25)**.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

# Teideal I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

PUBLIC

## Airteagal 1

## Ábhar agus raon feidhme

1. **[…]**

**2. Tá feidhm ag Teidil II agus III**[11] **maidir le comhimeachtaí atá bunaithe ar dhlíthe náisiúnta a bhaineann le dócmhainneacht.**

**De mhaolú ar an gcéad fhomhír, níl feidhm ag Teideal II agus Teideal III maidir le nósanna imeachta um athstruchtúrú coisctheach faoin dlí náisiúnta agus níl feidhm ag Teideal II maidir le himeachtaí eatramhacha.**

**3.** [...] Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo [...] **maidir leis** na **cineálacha** féichiúnaithe [...] seo a leanas:

(a) gnóthais árachais nó gnóthais athárachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13 pointí (1) agus (4), de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(b) institiúidí creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(c) gnólachtaí infheistíochta nó gnóthais chomhinfheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointí (2) agus (7), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

**11** *Faoi réir athraithe ag brath ar thoradh na caibidlíochta maidir le Teideal IV, VI agus VII*

(d) contrapháirtithe lárnacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(e) taisclanna lárnacha urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(f) institiúidí agus eintitis airgeadais eile a liostaítear in Airteagal 1(1), an chéad fhomhír de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(g) comhlachtaí poiblí faoin dlí náisiúnta;

(h) daoine [...] nádúrtha **nach fiontraithe iad** [...] .

**4. […]**

**5. Maidir le féichiúnaithe ar eintitis airgeadais iad, seachas na heintitis sin dá dtagraítear i mír 3, a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais atá faoi réir socruithe speisialta faoina bhfuil cumhachtaí fairsinge idirghabhála ag na húdaráis mhaoirseachta nó réitigh náisiúnta atá inchomparáide leis na cumhachtaí atá acu i ndáil leis na heintitis airgeadais dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh na Ballstáit na féichiúnaithe sin a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo. Cuirfidh na Ballstáit na socruithe speisialta sin in iúl don Choimisiún.**

PUBLIC

**Airteagal 1a**[12]

**Bearta éigeandála**

**[1. Féadfaidh na Ballstáit maolú ar na rialacha a leagtar síos i dTeideal II agus Teidil IV go VII i gcásanna ina bhfuil imthosca urghnácha a eascraíonn as tubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide nó as athrú suntasach nó tobann ar dhálaí socheacnamaíocha na mBallstát , lena n-áirítear géarchéim shistéamach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (30), de Threoir 2014/59/AE.**

**2. Beidh raon agus fad aon mhaolaithe de bhun mhír 1 teoranta don mhéid atá riachtanach chun cur isteach suntasach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a shrianadh, a réiteach nó a chosc.**

**3. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát foráil do mhaolú de bhun mhír 1, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún. Sonrófar an méid seo a leanas san fhógra:**

**(a) na forálacha den Treoir seo ar a ndéanann na bearta maolú;**

**(b) cineál agus raon na dtosca urghnácha is bun leis an maolú;**

**(c) fad an mhaolaithe; agus**

**(d) na cúiseanna lena ndéantar amach go bhfuil an maolú riachtanach chun cur isteach suntasach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a shrianadh, a réiteach nó a chosc.**

12 *Níl socrú an Airteagail cinntitheach, d'fhéadfaí é a aistriú i dTeideal IX. Tá foclaíocht bheacht an Airteagail, go háirithe maidir le coinníollacha an mhaolaithe agus leis an sásra rialaithe, faoi réir tuilleadh plé, agus a gcur i bhfeidhm féideartha maidir le Teideal IV, Teideal VI agus Teideal VII á chur san áireamh freisin.*

PUBLIC

**4.** **Laistigh de 2 mhí ó na fógraí dá dtagraítear i mír 3 a fháil, formheasfaidh nó diúltóidh an Coimisiún na bearta náisiúnta lena mbaineann tar éis dó a fhíorú cibé acu a mheastar nó nach meastar iad a bheith riachtanach chun cur isteach suntasach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a shrianadh, a réiteach nó a chosc. Mura ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil na forálacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 3 formheasta.]**

PUBLIC

Airteagal 2

Sainmhínithe

**1.** Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(**1**[...]) ciallaíonn 'cleachtóir dócmhainneachta' **aon duine nó aon chomhlacht a bhfuil a fheidhmeanna comhdhéanta de cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2015/848 agus in Airteagal 2(1)**, pointe (12) de [...] Threoir (AE) 2019/1023;

(**2**[...]) ciallaíonn 'cúirt' [...] comhlacht breithiúnach de chuid Ballstáit;

(**3**[...]) **[…]**

(**4**[...]) ciallaíonn ' [...] cláir cuntas bainc [...] **agus córais leictreonacha aisghabhála sonraí' [...] na sásraí láraithe uathoibrithe, mar shampla cláir lárnacha nó lárchórais leictreonacha aisghabhála sonraí**, [...] arna gcur i ngníomh i gcomhréir le **hAirteagal 16(1) de Threoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** [...] [13];

(**5**[...]) ciallaíonn 'cláir **lárnacha** maidir le húinéireacht thairbhiúil' cláir lárnacha [...] náisiúnta a **stórálann** faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil agus na **córais chun na cláir sin a idirnascadh dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** [...] ;

(6) ciallaíonn 'faisnéis faoi chuntas bainc' an fhaisnéis a **liostaítear** [...] in Airteagal 16(3) de Threoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(**7**[...]) **chun críocha Theideal II**, ciallaíonn 'gníomh dlí' d'aon ghnó, [...] aon iompraíocht dhaonna a ghineann éifeacht dhlíthiúil;

(**8**[...]) **[…]**

**[…]**

---

[13] **Treoir (AE) /1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (IO L…, ELI: …).**



PUBLIC

([...]**16**) ciallaíonn 'páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí': [...]

**(a) chun críocha Theideal II, an méid seo a leanas:**

(**i**[...])céile nó páirtí an fhéichiúnaí;

(**ii**[...]) sinsir, sliochtaigh agus siblíní an fhéichiúnaí nó céile nó páirtí **an fhéichiúnaí**, agus céilí nó páirtithe na ndaoine sin;

(**iii**[...]) daoine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlach an fhéichiúnaí;

(**iv**[...]) daoine **a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis neamh-phoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí [...] agus ar féidir leo** [...] :

(a) **oibríochtaí an fhéichiúnaí a rialú, lena n-áirítear i gcás ina n-oibríonn siad** don fhéichiúnaí faoi chonradh fostaíochta **nó i gcás ina bhfuil siad i gcaidreamh fostaíochta leis an** [...] bhféichiúnaí, nó

(b) **tairbhiú ó shuíomh airgeadais an fhéichiúnaí, ina gcáil mar [...]** chomhairleoirí eachtracha, cuntasóirí **nó iniúchóirí** [...]**;**

(**v**[...]) eintitis dhlítheanacha ina bhfuil an féichiúnaí nó duine de na daoine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) [...] ina chomhalta de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta nó ina ndéanann sé dualgais lena bhforáiltear do rochtain ar fhaisnéis neamh-phoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí;[...]

PUBLIC

I gcás inar eintiteas dlítheanach é an féichiúnaí, áireofar go háirithe ar pháirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis na daoine seo a leanas:

(**vi**) aon chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an fhéichiúnaí;

(**vii**) sealbhóirí cothromais a bhfuil leas rialaithe acu san fhéichiúnaí;

(**viii**) daoine a dhéanann feidhmeanna atá comhchosúil leis na feidhmeanna a dhéanann daoine faoi phointe (**vi**);

**(ix**[...])daoine [...] **a** bhfuil dlúthbhaint acu, i gcomhréir le [...] **pointí (i) go (iv)**, le daoine dá **dtagraítear** [...] i bpointí (**vi**), (**vii**) agus (**viii**) den fhomhír seo;[...]

**(b)** **[…]**

**2.** **Chun críocha na Treorach seo, is i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a thuigfear na coincheapa 'dócmhainneacht' agus 'stiúrthóirí'.**

Airteagal 3

An pointe ábhartha ama i ndáil le garghaolmhaireacht

Is é seo a leanas an pointe ama a bheidh ann chun a chinneadh an bhfuil garghaolmhaireacht ag páirtí leis an bhféichiúnaí:

(a) chun críocha Theideal II, an lá a rinneadh gníomh dlí atá faoi réir gníomhaíocht seachanta a chur i gcrích nó **le linn tréimhse a thagann** trí mhí sula ndéantar an gníomh dlí a chur i gcrích;

(b) **[…]**

**Airteagal 3a**

**An Dlí Náisiúnta agus comhchuibhiú íosta**

1. **Féadfaidh na Ballstáit dlíthe atá i gcomhréir le dlí an Aontais a ghlacadh nó a chothabháil, lena bhforáiltear do leibhéal níos airde cosanta do na creidiúnaithe i gcoitinne ná mar a fhoráiltear faoi Theidil II agus V […]**[14]**.**

2. **Féadfaidh na Ballstáit dlíthe a ghlacadh nó a chothabháil lena éascaítear rochtain na gcleachtóirí dócmhainneachta ar an bhfaisnéis faoi chuntas bainc a choimeádtar ina gcláir náisiúnta cuntas bainc agus i gcórais leictreonacha aisghabhála sonraí, faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil agus cláir agus bunachair náisiúnta sonraí, ar bhealach níos leithne ná mar a dhéantar faoi na rialacha dá bhforáiltear i dTeideal III.**

PUBLIC

[14] *Faoi réir athraithe ag brath ar thoradh na caibidlíochta maidir le Teideal IV, VI agus VII; Ní bheidh aon tagairt do na Teidil sin ina cuid den chomhaontú páirteach maidir le Teidil II, III, V ná VIII.*

# Teideal II
# GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHANTA[15]

## Caibidil 1
## Forálacha ginearálta [...]

Airteagal 4

Réamhriachtanais ghinearálta le haghaidh gníomhaíochtaí seachanta

Maidir le gníomhartha dlí a cuireadh i gcrích sular tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta chun dochair do na creidiúnaithe i gcoitinne, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na gníomhartha sin **ar neamhní,** [...] **in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe** faoi na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil 2 [...].

Airteagal 5

[...]

15 *Shoiléireodh foráil i dTeideal IX maidir le Forálacha críochnaitheacha go mbeidh feidhm ag Teideal II maidir le gníomhartha dlí a cuireadh i gcrích tar éis sprioc-am trasuí na Treorach.*

PUBLIC

# Caibidil 2

# Coinníollacha sonracha [...]

PUBLIC

## Airteagal 6

## Sainroghanna

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir a dhearbhú go bhfuil gníomhartha dlí **díobhálacha** a théann chun tairbhe do chreidiúnaí nó grúpa creidiúnaithe trí shásamh[...] **nó** trí sholáthar urrúis chomhthaobhaigh **[...] ar neamhní, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe** má cuireadh i gcrích iad:

   (a) laistigh de 3 mhí roimh **thíolacadh** na hiarrata **arbh é** tionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta **ba thoradh dó**, **nó, in éagmais iarraidh fhoirmiúil**, **dáta an réitigh [...] maidir leis na himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh**, [...] **ar choinníoll** [...] nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha [...] a íoc **go ginearálta de réir mar a thiteann siad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**; nó

   (b) tar éis chur isteach na hiarrata nó tar éis **dáta an réitigh dá dtagraítear i bpointe (a)** [...] **agus roimh thionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta.**

[...]

2. Má sásaíodh éileamh cuí creidiúnaí nó má rinneadh é a áirithiú [...] ar an mbealach a bhí dlite, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil [...] gníomh dlí **díobhálach** [...] **ar neamhní, in neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe** [...] **sna cásanna seo a leanas ar a laghad**:

(a) comhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1; agus

(b) bhí a fhios ag an gcreidiúnaí [...] **gur ghnách** nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha [...] a íoc **nuair a bhí siad dlite i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, [...] go **ndearnadh** iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh [...] **nó in éagmais iarraidh foirmiúil go ndearnadh ordú ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh**.

**Chun críocha** [...] na chéad fomhíre, pointe (b), **toimhdeofar an t-eolas sin** más páirtí a raibh garghaolmhaireacht aige leis an bhféichiúnaí é an gcreidiúnaí. **Beifear in ann an toimhde sin a fhrisnéis.**

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, [...] **féadfaidh** [...] na Ballstáit **a fhoráil nach bhfuil** na gníomhartha dlí **díobhálacha** seo a leanas [...] **ar neamhní, in-neamhnithe ná neamh-infhorfheidhmithe de bhun na Treorach seo**:

(a) gníomhartha dlí a dhéantar go díreach in aghaidh comaoin chóir chun tairbhe [...] **shócmhainní an fhéichiúnaí**;

(b) íocaíochtaí ar bhillí malairte nó ar sheiceanna i gcás ina n-urchoisceann an dlí lena rialaítear billí malairte nó seiceanna éilimh an fhaighteora a eascraíonn as an mbille nó as an tseic in aghaidh féichiúnaithe billí nó seic eile, mar shampla formhuinitheoirí, an tarraingeoir, nó **an** tarraingí má dhiúltaíonn [...] **an tarraingí** d'íocaíocht an fhéichiúnaí;

(c) gníomhartha dlí nach bhfuil faoi réir gníomhaíochtaí seachanta i gcomhréir le Treoracha 98/26/CE agus 2002/47/CE**;**[...]

PUBLIC

(d) **socruithe glanluachála a dhéanamh, lena n-áirítear glanluacháil socraíochta, sna margaí airgeadais, na margaí fuinnimh nó na margaí tráchtearraí eile chomh maith le gníomhartha dlí lena dtacaítear le hoibriú socruithe mar sin.**

**Chun críocha** [...] na chéad fomhíre, pointe (b) **áiritheoidh na Ballstáit** [...] go n-aisíocfaidh an formhuinitheoir deiridh an méid a íocadh ar an mbille nó ar an seic nó, má d'fhormhuinigh an formhuinitheoir sin an bille thar ceann tríú páirtí, go n-aisíocfaidh an tríú páirtí sin é más rud é go raibh a fhios ag an bhformhuinitheoir deiridh [...] nó ag an tríú páirtí **gur ghnách** nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha aibí a íoc nó gur **tíolacadh** iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh tráth formhuinithe an bhille nó tráth a ndearnadh é a fhormhuiniú. [...] **Toimhdítear** an t-eolas **sin** más páirtí a raibh garghaolmhaireacht aige leis an bhféichiúnaí é an formhuinitheoir deiridh nó an tríú páirtí.

Airteagal 7

Gníomhartha dlí gan **chomaoin** nó **in aghaidh** [...] comaoin ar follasach nach bhfuil sí leordhóthanach

1. Aireoidh na Ballstáit gur féidir a dhearbhú go bhfuil gníomhartha dlí an fhéichiúnaí gan **chomaoin** nó **in aghaidh** comaoin [...] ar follasach nach bhfuil sí leordhóthanach [...] ar neamhní, **in-neamhnithe ná neamh-infhorfheidhmithe** i gcás inar cuireadh i gcrích iad laistigh de [...] thréimhse ama bliana roimh [...] **thíolacadh** na hiarrata [...] **arbh é** tionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta ba thoradh dó, **nó in éagmais iarraidh fhoirmiúil den chineál sin, tar éis dháta an réitigh maidir le imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh,** nó tar éis tíolacadh iarraidh den chineál sin **agus roimh thionscnamh imeachtaí dócmhainneachta.**

**Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil gur féidir a agairt, i ndáil leis an saibhriú a eascraíonn as an ngníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní, nach cuid é an saibhriú sin a thuilleadh de mhaoin an pháirtí a thairbhigh den ghníomh dlí sin mura raibh an páirtí sin ar an eolas faoi na himthosca ar a bhfuil an gníomh seachanta bunaithe.**

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le bronntanais agus deonacháin de luach siombalach.

[...]

Airteagal 8

Gníomhartha dlí atá díobhálach d'aon ghnó do chreidiúnaithe

[...] Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil gníomhartha dlí lena ndearna an féichiúnaí dochar d'aon ghnó do na creidiúnaithe i gcoitinne [...] **ar neamhní, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe** i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) cuireadh na gníomhartha sin i gcrích laistigh de [...] **2** bhliain roimh [...] **thíolacadh** na hiarrata **arbh é** [...] tionscnamh **na** n-imeachtaí dócmhainneachta **ba thoradh dó nó, in éagmais iarraidh fhoirmiúil den chineál sin, dáta an réitigh chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh,** nó i ndiaidh iarraidh den chineál sin a thíolacadh **agus roimh thionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta**;

(b) bhí a fhios ag an bpáirtí eile sa ghníomh dlí [...] go raibh sé ar intinn ag an bhféichiúnaí [...] dochar a dhéanamh do na creidiúnaithe i gcoitinne

**Chun críocha na chéad fomhíre** [...], toimhdeofar **an t-eolas sin** dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), más páirtí a raibh dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí é an páirtí eile sa ghníomh dlí**. Beifear in ann an toimhde sin a fhrisnéis.**

[...]

PUBLIC

## Caibidil 3

## Iarmhairtí gníomhaíochtaí seachanta

### Airteagal 9

Iarmhairtí ginearálta

1. Áiritheoidh an Ballstát **nach bhféadfar** na héilimh, na cearta ná na hoibleagáidí a eascraíonn as gníomhartha dlí [...] atá **ar neamhní, a rinneadh iad a neamhniú nó ar measadh iad a bheith neamh-infhorfheidhmithe** de bhun Chaibidil 2 [...] a agairt chun sásamh a fháil ón eastát dócmhainneachta lena mbaineann.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an páirtí a thairbhigh den ghníomh dlí atá [...] **ar neamhní, a rinneadh é a neamhniú nó a measadh é a bheith do-infhorfheidhmithe, go mbeidh de cheangal air na sochair chomhchineál a thabhairt ar ais, nó a choibhéis airgid.**

   [...]

3. [...]

PUBLIC

4. Áiritheoidh na Ballstáit gur **féidir** éileamh [...] **maidir le sochair chomhchineál nó a choibhéis airgid a thabhairt ar ais** de bhun mír 2 [...] a shannadh do chreidiúnaí nó do thríú páirtí **faoi na rialacha lena rialaítear an bainistiú a dhéantar ar eastát an fhéichiúnaí dócmhainneachta.**

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir leis an bpáirtí a raibh sé d'oibleagáid air **sochair chomhchineál nó a choibhéis airgid a thabhairt ar ais** de bhun mír 2[...] an oibleagáid sin a **fhritháireamh** leis na héilimh a **bheadh air a shaothrú sna himeachtaí dócmhainneachta ina mhalairt de chás** [...].

6. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chaingne arna **rialú** ag an dlí sibhialta agus tráchtála chun cúiteamh a fháil ar dhamáistí a d'fhulaing creidiúnaithe mar thoradh ar ghníomh dlí ar féidir a dhearbhú go bhfuil sé **ar neamhní,** [...] **in-neamhnithe nó do-infhorfheidhmithe**.

Airteagal 10

Iarmhairtí don pháirtí [...] **a** thairbhigh den ghníomh dlí atá **ar neamhní,** [...] **in-neamhnithe nó do infhorfheidhmithe**

[...] Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina dtabharfaidh an páirtí a thairbhigh den ghníomh dlí atá [...] **ar neamhní, in-neamhnithe nó do-infhorfheidhmithe na sochair chomhchineáil a fuarthas nó a choibhéis airgid ar ais i gcomhréir le hAirteagal 9,** [...] go n-athnuafar aon éileamh [...] de chuid an pháirtí sin a sásaíodh leis an ngníomh dlí sin **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**.

PUBLIC

[...]

Airteagal 11

Dliteanas tríú páirtithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh Airteagail 9 **agus 10** infheidhme i leith **aon** oidhre nó aon chomharba uilíoch eile de chuid an pháirtí [...] **a** thairbhigh den ghníomh dlí **atá** [...] ar neamhní, **in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe**. **Déanfar méid dliteanas na n-oidhrí a rialú leis an dlí náisiúnta.**

2. Áiritheoidh na Ballstáit [...] go m**beidh [...]** Airteagal 9 [...] **infheidhme** i leith aon oidhre aonair de chuid an pháirtí eile sa ghníomh dlí **atá [...] ar neamhní, in-neamhnithe nó neamh-infhorfheidhmithe** más rud é [...] [...] go raibh a fhios ag an gcomharba **[...]** na himthosca ar a bhfuil an ghníomhaíocht seachanta bunaithe.



PUBLIC

[...]

Airteagal 12

Gaol le hionstraimí eile

1. [...] Ní dhéanann an Teideal **seo** [...] difear do **Threoracha 98/26/CE, 2002/47/CE** [...] **ná** (AE) 2019/1023.

2. **I gcás, le linn imeachtaí um athstruchtúrú coisctheach faoi Threoir (AE) 2019/1023, ina dtarlóidh sé nach mbeidh an féichiúnaí in ann a fhiacha a íoc a thuilleadh de réir mar a thagann siad le bheith dlite agus ina gcoinnítear sochar an bhaic i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Treoir sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil, i ndáil le gníomhartha dlí a dhéantar le linn an bhaic, nach n-eascróidh gníomhaíochtaí seachanta faoi Airteagal 6(2) den Treoir seo as eolas a bheith ag páirtí gur ghnách nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha a íoc de réir mar a bhí siad dlite i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.**

[...]

PUBLIC

# Teideal III

# SÓCMHAINNÍ DE CHUID AN EASTÁIT DÓCMHAINNEACHTA A RIANÚ

## Caibidil 1

## Rochtain [...] ag cúirteanna [...] <u>agus údaráis ainmnithe ar fhaisnéis cuntas bainc</u>

*Airteagal 13*

**Cúirteanna ainmnithe <u>agus údaráis</u> ainmnithe**

1. **Ainmneoidh** gach Ballstát [...] cúirteanna **nó údaráis riaracháin [...]** ina gcúirteanna agus a n-údaráis **údaraithe chun** [...] **a gcláir náisiúnta cuntas bainc agus a gcórais náisiúnta leictreonacha aisghabhála sonraí** a rochtain agus a chuardach [...] ('cúirteanna **nó údaráis** ainmnithe').

2. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoina chúirteanna **nó údaráis** ainmnithe faoi **…** [...] ***30 mí ó dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo***[16][...], agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi aon [...] **athruithe** ina leith. Foilseoidh an Coimisiún na fógraí ar *[...]* an ***Tairseach Eorpach don r-Cheartas.***

[16] *Ba cheart an sprioc-am don fhógra a bheith 6 mhí tar éis sprioc-am an trasuí. I gcás ina n-athraítear an sprioc-am de dhá bhliain don trasuí a leagtar amach in Airteagal 71 (1), ba cheart an sprioc-am 30 mí sin thuas a mhodhnú dá réir.*



PUBLIC

*Airteagal 14*

**Rochtain ag cúirteanna agus ag údaráis ainmnithe ar fhaisnéis cuntas bainc agus cuardaigh arna ndéanamh acu inti**

1. Áiritheoidh na Ballstáit [...] go mbeidh sé de chumhacht ag na cúirteanna nó **na húdaráis** ainmnithe faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach, **i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas**:

   **(a)** **iarann an cleachtóir dócmhainneachta a ceapadh in imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha, lena n-áirítear imeachtaí eatramhacha, faisnéis cuntas bainc; agus**

   **(b)** [...] tá gá **leis an bhfaisnéis cuntas bainc** chun sócmhainní de chuid eastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí a shainaithint agus a rianú sna himeachtaí **sin** [...], **chomh maith le** [...] sócmhainní atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta.

2. **Agus rochtain trasteorann á héascú acu**, áiritheoidh na Ballstáit [...] go mbeidh sé de chumhacht ag na cúirteanna ainmnithe **nó na húdaráis** ainmnithe faisnéis cuntas bainc i mBallstáit eile atá ar fáil trí **chóras idirnasctha** na gclár cuntas bainc (CIC**CB**) [...] **dá dtagraítear in** Airteagal [...] **16(6)** de Threoir (AE) 2024/**1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[17] [...] a rochtain agus a chuardach, go díreach agus láithreach, **i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas**:[...]

[17] **Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (IO L, 2024/1640, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1640/oj).**



PUBLIC

**(a)** **iarann an cleachtóir dócmhainneachta a ceapadh in imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha, lena n-áirítear imeachtaí eatramhacha, faisnéis cuntas bainc i mBallstáit eile; agus**

**(b)** [...] tá gá leis an **bhfaisnéis cuntas bainc** chun sócmhainní de chuid eastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí sna himeachtaí **sin** [...] a shainaithint agus a rianú, **chomh maith le [...] sócmhainní** atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta.

3. Faisnéis **sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2** agus a **mheasann** na Ballstáit [...] a bheith riachtanach agus a chuireann siad sna **cláir** cuntas bainc agus **sna córais leictreonacha aisghabhála sonraí** [...] de bhun Airteagal [...] **16(5) de Threoir (AE) 2024/1640,** ní bheidh sí inrochtana ná inchuardaithe ag cúirteanna ná ag **údaráis** ainmnithe.

**3a.** **Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíoróidh na cúirteanna nó na húdaráis ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 13 nó cúirteanna nó údaráis inniúla eile an gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cúirteanna nó na húdaráis ainmnithe an fhaisnéis ábhartha cuntas bainc a fuarthas mar thoradh ar an rochtain agus ar an gcuardach de bhun mhíreanna 1 agus 2 a tharchur chuig an gcleachtóir dócmhainneachta a d'iarr í.**

**3b.** **Beidh rochtain agus cuardaigh de bhun an Airteagail seo gan dochar do choimircí nós imeachta náisiúnta agus do rialacha an Aontais agus do rialacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar faisnéis faoi chuntas bainc a fhaightear de bhun mhíreanna 1 agus 2 a phróiseáil, lena n-áirítear ag cleachtóirí dócmhainneachta, ach amháin chun na gcríoch dá bhfuarthas í.**

PUBLIC

**3c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta inmheánacha ábhartha i bhfeidhm ag cleachtóirí dócmhainneachta, agus faisnéis cuntas bainc a fhaightear de bhun mhíreanna 1 2 á próiseáil acu le go ndéanfar an fhaisnéis rúnda a bhainistiú ar bhealach iomchuí.**

4. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, measfar an rochtain **ar fhaisnéis cuntas bainc** agus na cuardaigh a bheith díreach agus láithreach, *inter alia*, i gcás ina ndéanann na húdaráis náisiúnta a oibríonn na cláir cuntas bainc agus na **córais leictreonacha aisghabhála sonraí** an fhaisnéis cuntas bainc a tharchur chuig na cúirteanna **nó údaráis** ainmnithe go mear trí shásra uathoibrithe, ar choinníoll nach bhfuil aon institiúid idirmheánach ábalta cur isteach ar na sonraí a iarradh ná ar an bhfaisnéis atá le cur ar fáil.

*Airteagal 15*

**Coinníollacha a bhaineann le rochtain ag cúirteanna agus ag údaráis ainmnithe ar fhaisnéis cuntas bainc agus cuardaigh arna ndéanamh acu inti**

1. **Áiritheoidh na Ballstáit** [...] nach ndéanfaidh éinne faisnéis cuntas bainc a rochtain nó a chuardach i gcomhréir le hAirteagal 14 ach amháin baill foirne gach cúirte **nó údaráis** ainmnithe ar leith ar ceapadh agus ar údaraíodh go sonrach iad chun na cúraimí sin a dhéanamh agus gur ar bhonn cás ar chás a dhéanfar sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go gcoinneoidh na baill foirne **dá dtagraítear i mír 1** [...] ardchaighdeáin gairmiúla maidir le rúndacht agus le cosaint sonraí, agus go mbeidh [...] ardleibhéal ionracais acu agus na[...] scileanna iomchuí acu;

(b) go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla in úsáid chun slándáil na sonraí a áirithiú ar ardchaighdeáin teicneolaíochta le go mbeidh cúirteanna **agus údaráis** ainmnithe in ann a gcumhachtaí a fheidhmiú chun faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach i gcomhréir le hAirteagal 14.

PUBLIC

*Airteagal 16*

**Faireachán ar rochtain ag cúirteanna agus ag údaráis ainmnithe ar fhaisnéis cuntas bainc agus cuardaigh arna ndéanamh acu inti**

1. Forálfaidh na Ballstáit go n-áiritheoidh na húdaráis a oibríonn **cláir na gcuntas bainc agus na córais leictreonacha aisghabhála sonraí** [...] go ndéanfar logaí a choinneáil maidir le gach uair a dhéanann cúirt ainmnithe **nó údarás** faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach. Áireofar an méid seo a leanas, go sonrach, sna logaí:

   (a) uimhir thagartha an cháis;

   (b) dáta agus am an fhiosraithe nó an chuardaigh;

   (c) an cineál sonraí a úsáideadh chun an fiosrú nó an cuardach a sheoladh;

   (d) aitheantóir uathúil na dtorthaí;

   (e) ainm na cúirte ainmnithe nó **an údaráis ainmnithe a dhéanann an clár nó an córas leictreonach aisghabhála sonraí a rochtain nó a chuardach** [...];

   (f) aitheantóir uathúil úsáideora bhall foirne na cúirte nó **an údaráis** ainmnithe a rinne an fiosrú [...] agus, i gcás inarb infheidhme, an bhreithimh nó **an oifigigh** a d’ordaigh an fiosrú nó an cuardach agus,[...] **i gcás inarb infhaighte**, [...] an [...] **chleachtóra dócmhainneachta a d'iarr**.

2. Déanfaidh na húdaráis a oibríonn [...] **cláir na gcuntas bainc agus na córais aisghabhála sonraí leictreonacha** [...] na logaí dá dtagraítear i mír 1 a sheiceáil go rialta.

3. Ní úsáidfear na logaí dá dtagraítear i mír 1 ach amháin [...] **chun faireachán** [...] a dhéanamh ar chomhlíonadh na Treorach seo agus ar chomhlíonadh an [...] **dlí** [...] is infheidhme de chuid an Aontais maidir le cosaint sonraí. [...] Cosnófar na logaí trí bhearta iomchuí a dhéanamh in aghaidh rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad 5 bliana tar éis a gcruthaithe, ach amháin i gcás ina mbeidh siad ag teastáil le haghaidh faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta atá ar siúl.

PUBLIC

## Caibidil 2

## Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil

*Airteagal 17*

**Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil**

[...] Áiritheoidh na Ballstáit[...] , [...] **chun** sócmhainní a rianú agus a aithint a bhaineann leis na himeachtaí dócmhainneachta ar ceapadh na **cleachtóirí dócmhainneachta** lena n-aghaidh, go dtabharfar rochtain thráthúil do na **cleachtóirí dócmhainneachta** ar an bhfaisnéis **seo a leanas** [...] **maidir le húinéirí tairbhiúla eintiteas dlíthiúil agus socruithe dlíthiúla a choimeádtar sna cláir lárnacha idirnasctha maidir le húinéireacht thairbhiúil, agus go gcuirfear an rochtain sin ar fáil gan foláireamh a thabhairt don eintiteas, don socrú ná don úinéir tairbhiúil lena mbaineann:**

**(a) ainm an úinéara thairbhiúil;**

**(b) mí agus bliain bhreithe an úinéara thairbhiúil;**

**(c) tír chónaithe agus náisiúntacht nó náisiúntachtaí an úinéara thairbhiúil;**

**(d) i gcás úinéirí tairbhiúla eintiteas dlítheanach, cineál agus raon an leasa thairbhiúil atá acu;**

**(e) i gcás úinéirí tairbhiúla iontaobhas sainráite nó socruithe dlíthiúla comhchosúla, cineál a n-úinéireachta tairbhiúla.**

[...]

PUBLIC

# Caibidil 3

# Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir[...] náisiúnta agus bunachair sonraí

*Airteagal 18*

**Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir[...] náisiúnta agus bunachair sonraí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ghasta ag cleachtóirí dócmhainneachta, gan beann ar an mBallstát **inar** [...] ceapadh iad, ar an [...] **bhfaisnéis is gá chun sócmhainní de chuid an eastáit dócmhainneachta a shainaithint agus a rianú, chomh maith le sócmhainní atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta, atá á gcoimeád i gcláir** [...] **agus i mbunachair sonraí** náisiúnta atá ann cheana agus a liostaítear san Iarscríbhinn [...], **i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta**.

2. Maidir le rochtain ar na cláir [...] agus **na bunachair sonraí** náisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, áiritheoidh gach [...] Ballstát nach mbeidh na cleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar i mBallstát eile faoi réir coinníollacha rochtana nach bhfuil *[...]* chomh fabhrach leis na coinníollacha **sin is [...] infheidhme** maidir leis na cleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar sa Bhallstát sin.

**3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi liostaí na gclár náisiúnta agus na mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 faoi [30 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo][18], agus tabharfaidh siad fógra faoi aon athruithe orthu.**

**Foilseoidh an Coimisiún na liostaí sin ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.**

---

**18** *Ba cheart an sprioc-am don fhógra a bheith 6 mhí tar éis sprioc-am an trasuí. I gcás ina n-athraítear an sprioc-am de dhá bhliain don trasuí a leagtar amach in Airteagal 71 (1), ba cheart an sprioc-am 30 mí sin thuas a mhodhnú dá réir.*



PUBLIC

## Caibidil 4

## Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar na cúirteanna

***Airteagal 18a***

**Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar na cúirteanna**

**Maidir leis an gceart chun imeachtaí a thionscnaimh nó chun láithriú os comhair na gcúirteanna nó na n-údarás chun sócmhainní a éileamh thar ceann an eastáit dócmhainneachta, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh cleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar i mBallstát eile faoi réir coinníollacha nach bhfuil chomh fabhrach leis na coinníollacha is infheidhme maidir leis na cleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar sa Bhallstát sin.**

PUBLIC

# Teideal V
# DUALGAIS STIÚRTHÓIRÍ [...]

PUBLIC

*Airteagal 36*

**Dualgais [...] stiúrthóirí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina dtagann [...] **cuideachta** chun bheith dócmhainneach [...] **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, go mbeidh sé **de dhualgas** ar a stiúrthóirí iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, **cé is moite d'imeachtaí um athstruchtúrú coisctheach**. **Sna Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2015/848, is tagairt é an dualgas iarraidh a thíolacadh ar imeachtaí dócmhainneacht a thionscnamh d'imeachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán sin, cé is moite d'imeachtaí um athstruchtúrú coisctheach.**

2. **Cuirfear an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid** [...] na cúirte **nó an údaráis atá inniúil sna himeachtaí dócmhainneachta** [...] laistigh de 3 mhí ó cuireadh na stiúrthóirí ar an eolas nó **ó** bhíothas ag súil go réasúnta **go raibh siad** ar an eolas go bhfuil an **chuideachta** [...] dócmhainneach **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**.

***Airteagal 36a***

**Neamhfheidhmiú nó fionraí an dualgais iarraidh a chur isteach ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh**

**1a. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag an dualgas dá dtagraítear in Airteagal 36(1) maidir le stiúrthóirí ar daoine nádúrtha iad agus atá faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha uile na cuideachta.**

**2. […][19].**

**2a. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil gur féidir an dualgas dá dtagraítear in Airteagal 36(1) a urscaoileadh tríd an bpobal a chur ar an eolas faoi dhócmhainneacht na cuideachta trí fhógra i gclár poiblí, laistigh den sprioc-am dá dtagraítear Airteagal 36(2) ar a dhéanaí, chun a áirithiú go mbeidh na creidiúnaithe in ann a iarraidh go dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta.**

**3. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go gcuirfear an dualgas dá dtagraítear in Airteagal 36(1) ar fionraí má dhéanann na stiúrthóirí bearta atá ceaptha damáiste do chreidiúnaithe na cuideachta dócmhainneach a sheachaint agus leibhéal cosanta a áirithiú do na creidiúnaithe i gcoitinne atá coibhéiseach leis an gcosaint a thugtar leis an dualgas dá dtagraítear in Airteagal 36(1).**

---

19 *Ós rud é go bhfuil Teideal IV fós faoi chaibidil, molann an Uachtaránacht nár cheart an tagairt d'imeachtaí réamhphaca faoi Theideal IV a thabhairt chun críche go dtí go mbeidh téacs deiridh Theideal IV ar eolas. Ní bheidh an ghné sin den Airteagal seo mar chuid den Chur Chuige Ginearálta Páirteach atá beartaithe.*



PUBLIC

*Airteagal 37*

**[...] D[...]liteanas sibhialta stiúrthóirí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **stiúrthóirí cuideachta** [...] dócmhainní [...] faoi dhliteanas, **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta** as damáiste [...] **a dhéantar** do chreidiúnaithe mar gheall ar a mainneachtain cloí leis **an dualgas dá dtagraítear in** [...] Airteagal 36.

2. [...]

**Má bhain na Ballstáit úsáid as an rogha in Airteagal 36a(3), áiritheoidh siad go mbeidh na stiúrthóirí a dhéanann bearta dá dtagraítear in Airteagal 36a(3) faoi dhliteanas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i leith aon damáistí a dhéantar do chreidiúnaithe nach ndéanfaí dá n-iarrfaí imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 36.**

**Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go ndéanfar an dliteanas sin a eisiamh i gcás inar féidir agus a mhéid is féidir leis na stiúrthóirí a léiriú, ar bhonn imthosca oibiachtúla, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go seachnófaí leis na bearta a rinneadh damáiste do chreidiúnaithe, agus go raibh leibhéal cosanta do na creidiúnaithe i gcoitinne á áirithiú atá coibhéiseach leis an gcosaint a thugtar leis an dualgas dá dtagraítear in Airteagal 36(1).**

PUBLIC

*__Airteagal 37a__*

__Gaol le hionstraimí eile__

1. **Ní dhéanfaidh forálacha an Teidil seo difear do na dlíthe náisiúnta lena dtrasuítear Airteagal 7 de Threoir (AE) 2019/1023.**

[…]

PUBLIC

# Teideal VIII

# BEARTA LENA bhFEABHSAÍTEAR TRÉDHEARCACHT NA nDLÍTHE NÁISIÚNTA DÓCMHAINNEACHTA

PUBLIC

*Airteagal 68*

**Bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis**

1. **Gan dochar do mhír 10**, soláthróidh na Ballstáit **don Choimisiún**,[...] **tríd** an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis maidir le gnéithe áirithe den dlí náisiúnta i ndáil le himeachtaí dócmhainneachta **(an 'bhileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis')**.

2. Beidh ábhar na bileoige eolais faoin bpríomhfhaisnéis [...] **gonta**, cruinn, soiléir agus [...] **neamhtheicniúil** agus **leagfar amach** inti [...] **an fhaisnéis** ar bhealach **fíorasach** [...]. [...]

3. I ndáil leis an mbileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis[...]:

[...]Déanfar í a dhréachtú i dteanga oifigiúil de chuid **institiúidí an** Aontais agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin **…** [***30***[20] *[...] mí [...]* ***ó theacht i bhfeidhm*** *na Treorach seo*];

---

***20*** *Ba cheart an sprioc-am don fhógra a bheith 6 mhí tar éis sprioc-am an trasuí. I gcás ina n-athraítear an sprioc-am de dhá bhliain don trasuí a leagtar amach in Airteagal 71 (1), ba cheart an sprioc-am 30 mí sin thuas a mhodhnú dá réir.*

[...]

4. [...] **Cuimseofar** na ranna seo a leanas san ord seo a leanas sa bhileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis:

   (a) na coinníollacha chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh;

   (b) na rialacha lena rialaítear taisceadh, fíorú agus cead isteach éileamh;

   (c) na rialacha lena rialaítear rangú éilimh na gcreidiúnaithe agus dáileadh na bhfáltas ó réadú na sócmhainní a leanann as na himeachtaí dócmhainneachta;

   (d) meánfhad tuairiscithe na n-imeachtaí dócmhainneachta, dá dtagraítear in Airteagal 29(1), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/1023[21].

5. **Cuimseofar** [...] an méid seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír [...], pointe (a):

   (a) liosta na ndaoine a fhéadann a iarraidh go dtionscnófaí imeachtaí dócmhainneachta;

   (b) liosta na gcoinníollacha lena spreagtar imeachtaí dócmhainneachta;

   (c) **an chaoi agus** an áit le hiarraidh [...] **a chur isteach** [...] ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh [...];

   (d) an chaoi agus an uair a thugtar fógra don fhéichiúnaí faoin **gcinneadh** [...] imeachtaí dócmhainneachta **a thionscnamh nó gan** iad a thionscnamh.

---

[21] Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).



PUBLIC

6. **Cuimseofar** [...] an méid seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír [...]4[...], pointe (b):

(a) liosta na ndaoine atá in ann éileamh a thaisceadh;

(b) liosta na gcoinníollacha chun éileamh a[...] **thaisceadh** [...];

(c) an teorainn ama chun éileamh [...] **a thaisceadh** [...];

(d) [...] **an chaoi** leis an bhfoirm [...] chun éileamh **a thaisceadh a fháil**, [...] **más** infheidhme;

(e) an chaoi agus an áit le héileamh a thaisceadh;

(f) an chaoi a ndéantar an t-éileamh a fhíorú agus a bhailíochtú.

7. [...]

8. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a thabhairt cothrom le dáta laistigh de **1**[...] mhí amháin **ó** theacht i bhfeidhm [...] aon leasuithe ábhartha ar an dlí náisiúnta. Beidh an ráiteas seo a leanas sa bhileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis:

'Tá an bhileog eolais seo faoin bpríomhfhaisnéis cruinn an **…** [an dáta a cuireadh an fhaisnéis faoi bhráid an Choimisiúin nó an dáta a rinneadh an nuashonrú]'.

PUBLIC

**8a.** **Áiritheoidh** [...] an Coimisiún go mbeidh **an** bhileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis **ar fáil [...] don phobal i** [...] mBéarla, Fraincis agus Gearmáinis, **agus sa teanga bhunaidh, más difriúil,** [...] agus ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas faoin rannóg féimheachta/dócmhainneachta do gach Ballstát.

9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún formáid na bileoige eolais faoin bpríomhfhaisnéis a mhodhnú [...] trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

**10. Soláthróidh na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2015/848 an bhileog eolais maidir leis an bpríomhfhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála a bunaíodh le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle[22] ar bhealach atá comhsheasmhach le hAirteagal 86 den Rialachán sin.**

[...]

---

[22] **Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25**).



PUBLIC

**Cláir náisiúnta agus bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18**

1. Cláir chadastracha;

2. Cláir talún;

3. Cláir maoine sochorraithe lena n-áirítear cláir feithiclí, long agus aerárthaí, **i gcás ina bhfuil cearta maoine cláraithe sna cláir sin** [...];

4. Clár deonachán;

5. Cláir morgáistí;

6. **Cláir nó bunachair sonraí ina bhfuil faisnéis maidir le húinéireacht urrús, lena n-áirítear taisclanna lárnacha urrús, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014** [...];

7. Cláir gealltán, lena n-áirítear comhaontuithe léasa agus comhaontuithe ceannaigh díola ina gcoimeádtar teideal;

8. Cláir ina bhfuil gníomhartha urghabhála maoine;

9. [...]

10. Cláir ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear cláir paitinní agus trádmharcanna[...]**.**

11. [...]

12. [...]

PUBLIC